Conas a dhéantar measúnú ar an Laidin?

Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) measúnú ar an Laidin, ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Sa mheasúnú tá dhá chomhpháirt a dearadh chun meastóireacht a dhéanamh ar thuiscint theangeolaíoch agus chomhthéacsúil ar an Laidin:

1.Staidéar Taighde (40%)
(Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise – CMB)
2. Scrúdú Scríofa (60%) - Áirítear gramadach, stór focal atá leagtha síos agus an Téacs Capstone*. Déantar measúnú ar scileanna tuisceana, aistriúcháin agus anailís liteartha.

Don Staidéar Taighde is gá don scoláire imscrúdú, meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar thopaic theanga-lárnach dá rogha féin atá fréamhaithe sa tsonraíocht. Dearadh é chun ligean do scoláirí dul i mbun staidéar féintreoraithe agus saothrú níos doimhne a dhéanamh ar ghné dá staidéar ar an teanga, rud a spreagann a spéis agus a bhfiosracht.

Foilsíonn an CSS an Treoir Dhearaidh le haghaidh Staidéar Taighde gach bliain i dtéarma 2 de bhliain 1 den Ardteistiméireacht agus foilseoidh an CSS spriocdhátaí taiscthe freisin. Do gach bliain scrúdaithe, leagfar amach treoracha sonracha sa treoir dhearaidh, lena n-áirítear faisnéis maidir le roghnú na topaice, fíordheimhniú agus taisceadh an Staidéir Thaighde.

Comhpháirt Mheasúnaithe	Ualú	Leibhéal
Staidéar Taighde (CMB)	40%	Treoir Choiteann
Scrúdú Scríofa	60%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Forléargas ar mheasúnú le haghaidh deimhniúcháin

Sracfhéachaint

- ar a laghad 180 uair i mbun ranga thar 2 bhliain
- 2 shnáithe idirnasctha a chuimsíonn sealbhú teanga, tuiscint chultúrtha, agus anailís liteartha
- téacs Capstone Laidine atá leagtha síos
- measúnú:
  - Staidéar Taighde: 40%
  - Scrúdú Scríofa: 60%

*Is léamh domhain agus comhthéacs-eolach é an Téacs Capstone ar théacs Laidine atá leagtha síos. Soláthraíonn an Téacs Capstone buaic-eispéireas comhtháiteach, a ligeann do gach scoláire eolas agus scileanna tábhachtacha a fuair siad sa chúrsa a léiriú agus a chur i bhfeidhm i dtéacs sa Laidine atá spreagúil agus saibhir ó thaobh comhthéacs de.

Tá Sonraíocht churaclaim le haghaidh Laidin na hArdteis-timéireachta ar fáil ag www.www.curriculumonline.ie/ga-ie/

Suíomh Gréasáin: www.oide.ie
Teagmháil: info@oide.ie
Lean muid ar X @Oide_Classics

Oide

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Ardteistiméireach: Laidin

Bileog Eolais

Cad is Laidin ann?

Is í an Laidin teanga ársa Latium, réigiún chathair na Róimhe san Iodáil. De réir mar a tháinig an Róimh chun tosaigh mar chumhacht idirnáisiúnta ceannasach, labhraíodh agus scríobhadh an Laidin ní hamháin sa Róimh féin, ach san Eoraip ar fad, san Afraic Thuaidh agus sa Neasoirthear. Bhí an Laidin ina meán suntasach don litríocht, eolaíocht, taidhleoireacht agus fealsúnacht ar fud Iarthar na hEorpa ar feadh na gcéadta bliain. Is í bunús na dteangacha Rómánsacha í, amhail an Fhraincis, an Spáinnis agus an Iodáilis, agus téann sí bhfeidhm fós ar théarmaíocht theicniúil nua-aimseartha i réimsí ar nós an dlí agus an leighis. Trí Laidin a fhoghlaim, faigheann scoláirí rochtain dhíreach ar litríocht, cultúr agus próisis smaointeoireachta na Sean-Róimhe, agus foghlaimíonn siad conas a chuireann seansaol na Róimhe bonn eolais fós faoi shaol ár linne.

Staidéar a dhéanamh ar theanga ársa

Spreagann Laidin na Sraithe Sinsearaí scoláirí dul i ngleic le teanga, litríocht agus cultúr na Sean-Róimhe, agus a hábharthacht maidir le múnlú na sochaí nua-aimseartha a fhiosrú.

Is é an phríomhchúis a fhoghlaimítear an Laidin a bheith in ann téacsanna scríofa a léamh atá tábhachtach ó thaobh cultúir de, mar shampla scéalta, dánta, stair, drámaí agus scripteanna óráidí cáiliúla.

Déanfaidh an scoláire iniúchadh ar théacsanna Laidine ina gcomhthéacsanna éagsúla agus forbróidh siad litearthacht chultúrtha láidir agus iad ag iniúchadh éachtaí, luachanna agus traidisiúin 'daoine eile' atá idir choitianta agus difriúil.

Trí staidéar a dhéanamh ar an Laidin cuidítear le scoláirí a bheith rannpháirteach, feasach agus ceangailte ar bhonn cultúrtha.

I measc na n-aidhmeanna a bhaineann le Laidin na hArdteistiméireachta áirítear iad seo a leanas:

- an cumas a fhorbairt struchtúir agus stór focal teanga na Laidine a aithint
- téacsanna na Laidine a cheangal lena gcomhth-éacsanna stairiúla, sóisialta agus litearthaagus iad a lonnú laistigh de réimse níos leithne an chultúir Rómhánaigh
- scileanna anailíse agus meastóireacht chriticiúil a fhorbairt chun faisnéis a bhaint amach agus taitneamh a bhaint as téacsanna éagsúla na Laidine
- léirthuiscint a chothú ar éagsúlacht teanga agus chultúrtha agus ar an idirspleáchas idir teanga agus cultúr
- tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndeachaigh cultúr agus teanga na Róimhe agus an domhain Rómhánaigh i bhfeidhm ar chultúir agus ar theangacha nua-aimseartha

Cad é faoi a mbíonn scoláirí ag foghlaim?

Déanann an scoláire staidéar ar dhá shnáithe idirnasctha a chuimsíonn sealbhú teanga, tuiscint chultúrtha, agus anailís litearthaa:



Dhá shnáithe idirnasctha

Snáithe 1: Teanga na Laidine

Forbraíonn an scoláire inniúlacht sa Laidin trí:

- struchtúir theangeolaíochta agus stór focal a aithint
- théacsanna barántúla agus oiriúnaithe a fhiosrú
- ·abairtí agus sleachta Laidine a aistriú le cruinneas
- scileanna anailíseacha a chur i bhfeidhm chun gramadach agus comhréir a thuiscint

Snáithe 2: Litríocht i gComhthéacs

Téann an scoláire i ngleic le téacsanna Laidine chun:

- anailís a dhéanamh ar a dtábhacht chultúrtha, stairiúil agus liteartha
- tuiscint a fháil ar shochaí na Róimhe trí mhiotais, traidisiúin agus luachanna
- machnamh a dhéanamh ar théamaí amhail féiniúlacht, saoránacht agus polaitíocht

Punann Teanga

Le linn dhá bhliain Laidine na hArdteistiméireachta, cuireann gach scoláire bailiúchán d'ábhair le chéile ar cuid den phróiseas foghlama teanga iad.

Bheadh míreanna ar nós nótaí, liostaí stór focal, cleachtaí, samplaí aistriúcháin, anailísí agus plé ar théacsanna, agus tionscadail agus láithreoireachtaí i bhformáidí agus i meáin éagsúla san áireamh leis sin, chomh maith le logaí foghlama, machnamh foghlaimeora agus spriocanna foghlama.

An Phunann Teanga a thugtar ar an mbailiúchán seo.

Coimeádfaidh an scoláire Punann Teanga chun:

- a n-eispéiris foghlama a thaifeadadh agus machnamh a dhéanamh orthu
- a ndul chun cinn i sealbhú teanga a dhoiciméadú
- samplaí a thaispeáint dá rannpháirtíocht le teanga agus le téacsanna na Laidine

Ní chuirtear an Phunann Teanga san áireamh i measúnú i gcomhair teistiúcháin.